# Seirbhís Urnaí don Tionól Scoile

Cruinnímid lena chéile anseo ar scoil le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh. Díríonn téama na bliana seo Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse ar an fhreastal a dhéanaimid ar a chéile nuair a thugaimid aire dá chéile sa bhaile, ar scoil, agus sa pharóiste. Bíonn Íosa mar eiseamláir againn maidir le freastal ar a chéile ar bhealach grámhar measúil, agus muid ag roinnt ár gcuid buanna agus tallanna go fial lena chéile. Déanaimid a chéile a cheiliúradh, agus an éagsúlacht a bhaineann linn. Is seoid luachmhar uathúil gach duine againn os comhair Dé; ní raibh agus ní bheidh ár leithéidí ann riamh. Seasaimid os comhair Dé agus iarraimid a bheannacht orainn i rith na seachtaine seo, agus i gcónaí.

## Iomann tosaigh

Ceann de na hamhráin seo, nó iomann lúcháireach ar bith eile:
‘This is the Day’ (I nGrá Dé – Rang 3/Bunscoil 5)
‘Canticle of the Sun’ (Marty Haugen)
‘All Things Bright and Beautiful’ (I nGrá Dé – Rang 4/Bunscoil 6)

## Paidir thosaigh

Guímis:

Deonaigh go n-aithneoimid láithreacht Dé inár measc agus muid ag siúl go dóchasach lena chéile mar phobal scoile agus mar lucht leanta Íosa. Tacaímid lena chéile, éistimid lena chéile, roinnimid ár gcuid buanna lena chéile i gcónaí. Iarraimid ar Dhia neart agus crógacht a bhronnadh orainn le go bhféadfaimis soiscéal Chríost a scaipeadh i measc na muintire ina mbímid ag obair agus ag déanamh caitheamh aimsire lena chéile.

Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna. Amen

## Léacht

Sliocht as an litir chuig na Corantaigh (1 Corantaigh 13).

Má labhraím i dteangacha daoine agus aingeal, ach gan aon ghrá a bheith agam, níl ionam ach mar a bheadh prás ag fuaimneach nó ciombail ag clingeadh. Má tá bua fáidheoireachta agam, eolas ar gach rúndiamhair agus fios gach ní agam agus oireadh lánchreideamh agam agus a d’aistreodh na sléibhte ach gan aon ghrá agam, is neamhní mé. Má roinnim amach mo mhaoin shaolta go léir agus má thugaim suas mo chorp le dó, ach gan aon ghrá a bheith agam, ní aon tairbhe dom é.



## Salm (Salm 139 [138] – curtha in oiriúint)

***Freagra***: Moladh le Dia as iontas an chruthaithe.

Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis;
De bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha.
Níor ceileadh ort fiú amháin mo chreat
Nuair a cumadh os íseal mé.
(*Freagra*.)

Nach diamhair liom do chomhairlí, a Thiarna
Má dhéanaim a gcomhaireamh ní thig liom a n-áireamh;
Ní lia gaineamh na trá ná iad.
(*Freagra*.)

Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé
Más luí dom, más suí dom, is eol duit é;
Is eol duit mo shlite go léir.
(*Freagra*.)

## Machnamh ar théama an dóchais ón bPápa Proinsias

Ná bímis in éadóchas. Siúlann Dia an ghrá, gualainn ar ghualainn linn. Is féidir linne ar fad a rá go bhfuil dóchas ionainn, toisc go siúlaimid in éineacht le Dia. Is féidir le gach uile dhuine againn a rá 'Táim dóchasach toisc go bhfuil Dia taobh liom, agus mé i láthair Dé'. Beireann Dia greim láimhe orm agus mé á stiúradh aige. Ní fhágann Dia fúinn féin muid. Cheansaigh an Tiarna Íosa na hainspridí agus réitigh sé slí na beatha romhainn. Ligimis don Tiarna an bhrí a bhaineann le dóchas i nDia a léiriú dúinn. (Cruinniú Ginearálta 7 Nollaig 2016)



## Solas an dóchais a roinnt

*Beidh gá le coinneal, le cros chéasta, brat glas agus comhartha an cheartais (m.sh. scálaí an cheartais).*

**Léitheoir:** Chruthaigh Dia domhan álainn agus bhronn sé an chumhacht agus an fhreagracht orainne cabhrú leis an gcruthú trí aire a thabhairt don domhan agus dá chéile. (*Cuirtear an brat glas sa spás beannaithe*.)

**Freagra:** Roinnimis solas an dóchais.

**Léitheoir:** Scaipimid an dóchas ar domhan nuair a gheallaimid go dtabharfaimid aire d'acmhainní an domhain atá á lot de bharr an athraithe aeráide, agus go ndéanfaimid maolú ar an drochthionchar a bhíonn ar domhan againn. (C*uirtear an choinneal sa spás beannaithe*.)

**Freagra:** Roinnimis solas an dóchais.

**Léitheoir:** Roinnimid an dóchas le haicme an phobail inár measc féin, sa tír i gcoitinne agus ar domhan, a fhulaingíonn ón éagóir, nuair a throidimid ar son an chirt. (*Cuirtear pictiúr de scálaí an cheartais sa spás beannaithe*.)

**Freagra:** Roinnimis solas an dóchais.

**Léitheoir:** Leanfaimid lorg Íosa, agus roinnfimid an dóchas i nDia lena chéile trínár gcuid gníomhartha agus trí na roghanna a dhéanaimid. Léireoimid ár ngrá trí meas a bheith againn ar an uile dhuine a bhuaileann linn. (*Cuirtear cros chéasta sa spás beannaithe*.)

**Freagra:** Roinnimis solas an dóchais.

Is deirfiúracha agus deartháireacha lena chéile muid, is de chlann an domhain sinn. Cuirimis ár nguí chuig Dia ár nAthair: *Ár nAthair* ...

## Paidir dheiridh

A Dhia ár nAthair, iarraimid ort do ghrásta a bhronnadh orainn. Cabhraigh linn lorg Íosa a leanúint. Deonaigh go dtabharfaimid aire dá chéile agus don domhan ar fad. Deonaigh go mbeidh an ceart, an tsíocháin is an dóchas á scaipeadh againn ar scoil, pé áit ina mbímid i rith an lae.

Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna. Amen.

## Iomann deiridh

'God has Given Us the Earth' (Bernard Sexton, *I nGrá Dé* – Rang 6)
nó 'Circle of Friends' (I nGrá Dé – Rang 1/Bunscoil 3)

